

An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

14843/26

EF 274
ECOFIN 1353
DELECT 163

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 6845 final
Ábhar:	RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an 1.10.2026 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/584 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le ceanglais eagraíochtúla áirithe atá ar ionaid trádála agus scoradain trádála

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 6845 final.

Faoi iamh: C(2026) 6845 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.10.2026
C(2026) 6845 final

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 1.10.2026

lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/584 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le ceanglais eagraíochtúla áirithe atá ar ionaid trádála agus scoradáin trádála

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margáí in ionstraimí airgeadais¹ ('MiFID II'), rialaítear an chaoi a n-údaraítear ionaid trádála agus bunaítear coinníollacha oibriúcháin dóibh.

Le Treoir (AE) 2022/2556 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² leasaíodh MiFID II chun a áirithiú go mbeidh sé i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³ maidir le rioscaí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) a bhainistiú.

Le Treoir (AE) 2024/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴, leasaíodh MiFID II a thuilleadh, lena n-áirítear leasuithe i ndáil le rialacha lena gceanglaítear ar ionaid trádála sásraí a chur chun feidhme atá ceaptha chun luaineacht iomarcach sna margáí a theorannú. Spreag géarchéim fuinnimh 2022 grinnscrúdú breise ar na sásraí sin, rud a léirigh cleachtais éagsúla agus easpa trédhearcachta maidir leis an gcaoi a ndearann ionaid trádála ar fud an Aontais na sásraí sin. Go sonrach, le Treoir (AE) 2024/790 leasaíodh Airteagal 48 de MiFID II chun trédhearcacht níos fearr a thabhairt do rannpháirtithe sa mhargadh maidir leis na himthosca as a n-eascaíonn stop nó srian ar thrádáil agus maidir leis na prionsabail atá le breithniú ag margáí rialáilte chun na príomhpharaiméadair theicniúla a bhunú chun stop nó srian a chur le trádáil. Le Treoir (AE) 2024/790 ceanglaíodh freisin ar an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margáí (ESMA) caighdeáin theicniúla rialála a dhréachtú chun na prionsabail a bhunú atá le breithniú ag margáí rialáilte agus na príomhpharaiméadair theicniúla á mbunú chun stop nó srian a chur le trádáil.

Tá forálacha i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/584 ón gCoimisiún⁵ (Caighdeán Teicniúil Rialála 7) lena sonraítear ceanglais eagraíochtúla na n-ionad trádála, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le stopanna trádála agus coiléir praghsanna. Leis na leasuithe ar MiFID II a tugadh isteach le Treoir (AE) 2022/2556 agus Treoir (AE) 2024/790, is gá Caighdeán Teicniúil Rialála 7 a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.

¹ Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2014/65/2025-01-17>).

² Treoir (AE) 2022/2556 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE, 2014/65/AE, (AE) 2015/2366 agus (AE) 2016/2341 a mhéid a bhaineann le hathléimneacht dhigiteach oibriochtúil le haghaidh na hearnála airgeadais (IO L 333, 27.12.2022, lch. 153, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2556/oj>).

³ Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibriochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2554/oj>).

⁴ Treoir (AE) 2024/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Feabhra 2024 lena leasaítear Treoir 2014/65/AE maidir le margáí in ionstraimí airgeadais (IO L, 2024/790, 8.3.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2024/790/oj>).

⁵ Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/584 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na ceanglais eagraíochtúla atá ar ionaid trádála (IO L 87, 31.3.2017, lch. 350. ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/del/2017/584/oj>).

2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶, rinne ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte le páirtithe leasmhara⁷ sular chuir sé na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála faoi bhráid an Choimisiúin. Chuaigh sé i gcomhairle freisin leis an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí. Rinne ESMA anailís ar chostais agus tairbhí, a cuimsíodh sa tuarascáil chríochnaitheach in éineacht le toradh na ngníomhaíochtaí comhairliúcháin⁸. Sheol ESMA an tuarascáil chríochnaitheach maidir leis na caighdeáin theicniúla rialála chuig an gCoimisiún i mí Aibreáin 2025.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 1 tugtar isteach na leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/584 chun (i) raon feidhme an Rialacháin sin a shoiléiriú a thuilleadh, (ii) é a chur i gcomhréir leis na leasuithe ar MiFID II a tugadh isteach le Treoir (AE) 2022/2556, agus (iii) na prionsabail choiteanna is infheidhme maidir le scoradáin trádála agus an fhaisnéis atá le nochtadh ag ionaid trádála a mhéid a bhaineann le scoradáin trádála a leagan amach.

Le hAirteagal 2, leagtar amach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

⁶ Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj>).

⁷ Tá an doiciméad comhairliúcháin ar fáil ar [shuíomh gréasáin ESMA](#).

⁸ ESMA, *Final report on Systematic Internaliser notification (new ITS), on the volume cap and transparency calculations (RTS 3) and circuit breakers (new RTS 7a)* [Tuarascáil chríochnaitheach maidir le fógra a thabhairt faoi Innheánaitheoirí Córasacha (caighdeán teicniúil cur chun feidhme nua), maidir leis an gcaidhpeáil méide agus na ríomhanna trédhearcachta (Caighdeán Teicniúil Rialála 3) agus scoradáin trádála (Caighdeán Teicniúil Rialála 7a nua)], le fáil ar [shuíomh gréasáin ESMA](#).

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 1.10.2026

lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/584 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le ceanglais eagraíochtúla áirithe atá ar ionaid trádála agus scoradáin trádála

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE⁹, agus go háirithe Airteagal 48(12), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá forbairtí teicneolaíocha a bhaineann le córais trádála leictreonacha, agus go háirithe na rioscaí a eascraíonn as na córais sin, i measc na bpríomhthosca lena gcinntear na socruithe eagraíochtúla is gá chun ionaid trádála a oibriú. Ar an gcúis sin, leagtar síos le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/584 ón gCoimisiún¹⁰ ceanglais eagraíochtúla shonracha le haghaidh ionaid trádála a úsáideann modhanna leictreonacha chun ordúithe a chur isteach agus a mheaitseáil, agus an tráth céanna, tá ionaid trádála eile faoi réir na gceanglas eagraíochtúil a leagtar síos i dTreoir 2014/65/AE amháin. Braitheann Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/584 ar na coincheapa ‘ionaid trádála lena gceadaítear nó lena gcumasaítear trádáil algartamach’ agus ‘córais trádála algartamaí’. Mar sin féin, níl na coincheapa sin sainithe go soiléir go leordhóthanach. Chun deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú, is iomchuí a leagan amach nár cheart feidhm a bheith ag an Rialachán sin ach amháin maidir le hionaid trádála ina n-éascaítear cur isteach agus meaitseáil ordúithe trí mheán leictreonach. Ionaid trádála a bhfuil córas trádála á oibriú acu ina socraítear idirbhearta go heisiach trí chaibidlíocht gutha, ba cheart dóibh a bheith lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin sin.
- (2) Le Treoir (AE) 2022/2556 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹, leasaíodh Treoir 2014/65/AE chun a áirithiú go mbeidh na ceanglais maidir le bainistiú rioscaí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) a leagtar amach i Rialachán (AE)

⁹ IO L 173, 12.6.2014, lch. 349.

¹⁰ Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/584 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na ceanglais eagraíochtúla atá ar ionaid trádála (IO L 87, 31.3.2017, lch. 350, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/584/oj).

¹¹ Treoir (AE) 2022/2556 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE, 2014/65/AE, (AE) 2015/2366 agus (AE) 2016/2341 a mhéid a bhaineann le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil le haghaidh na hearnála airgeadais (IO L 333, 27.12.2022, lch. 153, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2556/oj>).

2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i gcomhréir lena chéile¹². Go sonrach, le Treoir (AE) 2022/2556 leasaíodh na sainorduithe a thugtar do ESMA chun dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt a leagtar síos in Airteagal 48(12), pointí (a) agus (g), de Threoir (AE) 2014/65 chun ceanglais maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil agus tástáil athléimneachta digití oibríochtúla a eisiamh ó na sainorduithe sin. Is gá, dá bhrí sin, na ceanglais sin a scríosadh ó Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/584, lena n-áirítear ceanglais maidir le socrúithe leanúnachais gnó, seachfhoinsiú seirbhísí TFC, tástáil córas trádála, agus slándáil agus teorainneacha ar rochtain.

- (3) Le hAirteagal 28(3) de Rialachán (AE) 2022/2554 ceanglaítear ar eintitis airgeadais a n-údarás inniúil a chur ar an eolas go tráthúil faoi aon socrú conarthach atá beartaithe maidir le húsáid seirbhísí TFC lena dtacaítear le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha agus a sholáthraíonn soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí. Chun comhsheasmhacht a áirithiú maidir leis an gcaoi a láimhseáiltear seachfhoinsiú seirbhísí TFC agus seirbhísí neamh-TFC lena dtacaítear le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha, is gá an ceanglas údarúcháin a leagtar amach in Airteagal 6(5), pointe (b), de Rialachán Tarmligthe 2017/584 a scríosadh. Chun é a chur ar a chumas don údarás inniúil measúnú a dhéanamh ar cé acu a bhaineann nó nach mbaineann seachfhoinsiú feidhmeanna oibríochtúla criticiúla neamh-TFC an bonn den athléimneacht oibríochtúil agus den leanúnachas gnó agus, i gcás ina sainaitnítear saincheisteanna, úsáid a bhaint as na cumhachtaí maoirseachta a leagtar amach in Airteagal 69 de Threoir 2014/65/AE, ba cheart d'ionad trádála a bhfuil sé beartaithe aige na feidhmeanna sin a sheachfhoinsiú fógra a thabhairt dá údarás inniúil faoi sin.
- (4) Le hAirteagal 48(5) de Threoir 2014/65/AE, ceanglaítear ar ionaid trádála a bheith in ann stop nó srian sealadach a chur le trádáil i gcásanna éigeandála nó i gcás gluaiseacht shuntasach praghsanna in ionstraim airgeadais. Chun a áirithiú go ndéanfar bainistiú leordhóthanach ar eachtraí ardluaineachta gearrthéarmacha, ba cheart d'ionaid trádála scoradáin trádála a chur in úsáid. Ba cheart na scoradáin trádála sin a bheith i bhfoirm stopanna trádála nó coiléir praghsanna. Mar sin féin, ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh stopanna trádála agus coiléir praghsanna oiriúnach do chórais trádála seachas leabhar orduithe teorann lárnaí nó córas trádála bunaithe ar cheant tréimhsiúil, ba cheart cead a bheith ag ionaid trádála a oibríonn na córais trádála eile sin socrúithe malartacha a bhunú a bheidh in ann srian a chur le trádáil chun srian a chur le méaduithe sealadacha ar luaineacht sa mhargadh agus athruithe móra ar phraghsanna i dtréimhse ghairid a chosc, ar choinníoll go mbeidh na socrúithe malartacha sin níos oiriúnaí do shainiúlachtaí na gcóras trádála eile sin. Sa chás sin, ba cheart do na hionaid trádála sin a léiriú dá n-údarás inniúil go bhfuil socrúithe malartacha den sórt sin níos oiriúnaí ná stopanna trádála nó coiléir praghsanna.
- (5) Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh ionaid trádála Airteagal 48(5) de Threoir 2014/65/AE ar bhealach comhsheasmhach, is gá na prionsabail a leagan síos nach mór d'ionaid trádála a chur san áireamh agus scoradáin trádála á mbunú acu agus modheolaíocht á glacadh acu maidir lena gcalabhrú. Chun feidhmiú éifeachtach scoradán trádála a áirithiú, ba cheart a chur san áireamh sa mhodheolaíocht sin dálaí margaidh sonracha na n-ionstraimí airgeadais a bhfuil feidhm ag na scoradáin trádála sin maidir lena dtrádáil. Chun é a chur ar a gcumas do rannpháirtithe sa mhargadh

¹² Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2554/oj>).

measúnú a dhéanamh ar na himpleachtaí a bhaineann le scoradain trádála a ghníomhachtú le haghaidh fheidhmiú an mhargaidh agus gníomhaíocht trádála, ba cheart d'ionaid trádála an fhaisnéis maidir le dearadh agus feidhmiú na sásraí sin agus maidir le héifeachtaí a ngníomhachtaithe a fhoilsiú. Chun iarmhairtí neamhbheartaithe don trádáil ordúil a chosc, áfach, lena n-áirítear an riosca go spreagfaí scoradain trádála go saorga, níor cheart a cheangal ar ionaid trádála na paraiméadair mhionsonraithe atá mar bhonn taca faoi fheidhmiú scoradain trádála a fhoilsiú. Chun maoirseacht éifeachtach a áirithiú, ba cheart d'ionaid trádála na paraiméadair sin a sholáthar d'údaráis inniúla ar bhonn bliantúil. Chun comhsheasmhacht agus inchomparáideacht na faisnéise a thuairiscítear d'údaráis inniúla a áirithiú, is gá teimpléad a sholáthar ar cheart d'ionaid trádála é a úsáid agus na paraiméadair atá mar bhonn taca faoi fheidhmiú scoradain trádála á dtuairisciú dá n-údarás inniúil.

- (6) Is é ISO 10383 an caighdeán idirnáisiúnta a d'fhorbair an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú le haghaidh Cóid Aitheanais Margaidh ('MICanna'), lena soláthraítear modh uathúil gan débhrí chun ionaid trádála a shainaithint. Aithnítear MICanna ar fud an domhain agus úsáidtear iad chun ionaid trádála a shainaithint. Chun a áirithiú go sainaithneofar gan débhrí ionaid trádála ina dtuascálacha chuig údaráis inniúla maidir le scoradain trádála, agus chun comhsheasmhacht le caighdeáin arna gcomhaontú ar fud an domhain a áirithiú, ba cheart d'ionaid trádála úsáid a bhaint as MIC a shanntar dóibh faoi ISO 10383 sna tuascálacha sin.
- (7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2017/584 a leasú dá réir sin.
- (8) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí faoi bhráid an Choimisiúin.
- (9) Rinne an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí comhairliúcháin phoiblí oscailte a reáchtáil maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹³,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/584

Leasaítear mar a leanas Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/584:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:
'Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/584 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na ceanglais eagraíochtúla agus na ceanglais maidir le scoradain trádála le haghaidh ionaid trádála i gcás ina n-éascaítear cur isteach orduithe agus meaitseáil orduithe trí mheán leictreonach';
- (2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chaibidil I:

¹³ Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84. ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj>).

‘CAIBIDIL I

RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE’;

- (3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

‘Airteagal 1

Raon feidhme

(Airteagal 48 de Threoir 2014/65/AE)

Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le hionaid trádála ina n-éascaítear cur isteach orduithe agus meaitseáil orduithe trí mheán leictreonach.’;

- (4) cuirtear isteach Airteagal 1a seo a leanas:

‘Airteagal 1a

Sainmhínithe

(Airteagal 48 de Threoir 2014/65/AE)

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘córas trádála algartamach’ aon socrú nó aon chóras de chuid an ionaid trádála lena gceadaítear do chomhaltaí, do rannpháirtithe nó do chliaint dul i mbun trádáil algartamach nó lena gcuirtear ar a gcumas dóibh déanamh amhlaidh;
- (2) ciallaíonn ‘seirbhís TFC’ seirbhís TFC mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (21), de Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;
- (3) ciallaíonn ‘scoradán trádála’ stop trádála, coiléar praghsanna, nó aon socrú eile ar féidir leis trádáil a shrianadh má tá gluaiseacht shuntasach praghsanna ann laistigh de thréimhse ghearr ama in ionstraim airgeadais;
- (4) ciallaíonn ‘stop trádála’ socrú, i gcás gluaiseacht shuntasach praghsanna i gcoibhneas le praghas tagartha, lena gcuirtear isteach ar thrádáil leanúnach nó lena gcuirtear síneadh le tréimhse na gceantanna sceidealta nó neamhsceidealta;
- (5) ciallaíonn ‘coiléar praghsanna’ socrú nach gceadaíonn orduithe a mheaitseáil ach amháin i gcás ina bhfuil an praghas a eascraíonn as sin laistigh de theorainneacha praghsanna réamhshainithe.

* Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2554/oj>).’;

- (5) cuirtear teideal na Caibidle 1a seo a leanas isteach i ndiaidh Airteagal 1a:

‘CAIBIDIL 1a

CEANGLAIS EAGRAÍOCHTÚLA GHINEARÁLTA MAIDIR LE HIONAID TRÁDÁLA’;

- (6) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Sula gcuirfear córas trádála i bhfeidhm agus uair amháin sa bhliain ar a laghad, déanfaidh ionaid trádála féinmheasúnú ar a gcomhlíontacht le hAirteagal 48 de Threoir 2014/65/AE agus cineál, scála agus castacht a ngnó á gcur san áireamh. Áireofar san fhéinmheasúnú anailís ar na paraiméadair uile a leagtar amach in Iarscríbhinn I.’;

(7) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Ionaid trádála a dhéanann a bhfeidhmeanna oibríochtúla uile nó cuid díobh a sheachfhoinsiú, áiritheoidh siad an méid seo a leanas:’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Chun críocha an Airteagail seo, áireofar le feidhmeanna oibríochtúla na ngníomhaíochtaí uile a bhaineann go díreach le feidhmíocht na gcóras trádála agus le faireachas a dhéanamh orthu, seachas gníomhaíochtaí ar seirbhísí TFC iad.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 5, 6 agus 7:

‘5. Tabharfaidh ionaid trádála fógra dá n-údaráis inniúla go bhfuil sé beartaithe acu feidhmeanna oibríochtúla a sheachfhoinsiú sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina soláthraíonn an soláthraí seirbhíse an tseirbhís chéanna d’ionaid trádála eile;

(b) i gcás ina ndéanfaí na feidhmeanna oibríochtúla criticiúla is gá le haghaidh leanúnachas gnó a sheachfhoinsiú.

6. Chun críocha mhír 5, pointe (b), áireofar ar na feidhmeanna oibríochtúla criticiúla na feidhmeanna sin is gá chun na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 47(1), pointí (b) agus (e), de Threoir 2014/65/AE a chomhlíonadh.

7. Chun críocha mhír 5, tabharfaidh ionaid trádála fógra dá n-údarás inniúil 60 lá féilire ar a laghad sula ngabhfaidh éifeacht leis an gcomhaontú seachfhoinsiú.’;

(d) cuirtear isteach mír 8 seo a leanas:

‘8. De mhaolú ar mhír 7, ionaid trádála a bhfuil sé beartaithe acu feidhmeanna oibríochtúla criticiúla dá dtagraítear i mír 6 a sheachfhoinsiú chuig soláthraithe seirbhíse atá bunaithe i dtríú tír, tabharfaidh siad fógra dá n-údarás inniúil 90 lá féilire ar a laghad sula ngabhfaidh éifeacht leis an gcomhaontú seachfhoinsiú.’;

(8) scriostar Airteagal 8;

(9) leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Airteagal 10

Oibleagáidí tástála chun dálaí trádála mí-ordúla a sheachaint

(Airteagal 48(1) de Threoir 2014/65/AE)’;

(b) cuirtear isteach mír 4 seo a leanas:

‘4. Beidh ionaid trádála in ann a léiriú i gcónaí go bhfuil gach beart réasúnach déanta acu chun a sheachaint go gcuireann a gcórais trádála le dálaí trádála mí-ordúla, lena n-airítear cásanna ina ndéantar tástáil ar a gcórais trádála sula gcuirfear i bhfeidhm iad nó i gcás nuashonrú an chórais trádála.’;

(10) scriostar Airteagal 15;

(11) leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Déanfaidh ionaid trádála, i gcomhthéacs a gcreata rialachais agus cinnteoireachta dá dtagraítear in Airteagal 3, plean leanúnachais gnó a bhunú ina leagfar amach na nósanna imeachta agus na socruithe chun teagmhais shuaiteacha a bhainistiú.’;

(b) i mír 2, scriostar pointe (c);

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Déanfaidh ionaid trádála measúnú tionchair ina sainaitheofar na rioscaí agus na hiarmhairtí a bhaineann le suaithheadh agus déanfaidh siad athbhreithniú tréimhsiúil air.’;

(12) in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Déanfaidh ionaid trádála, i gcomhthéacs a bhféinmheasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 2, oibriú an phlean leanúnachais gnó a thástáil ar bhonn cásanna réalaíocha.’;

(13) leasaítear Airteagal 18 mar a leanas:

(a) i mír 3, scriostar pointe (a);

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Poibleoidh ionaid trádála a mbeartais agus a socruithe a leagtar amach i míreanna 2 agus 3. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid sin maidir leis an líon sonrach orduithe in aghaidh an tsoicind ar eatraimh ama réamhshainithe.’;

(14) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19:

‘Airteagal 19

Prionsabail ghinearálta maidir le scoradáin trádála a bhunú

(Airteagal 48(5) de Threoir 2014/65/AE)

1. Bunóidh ionaid trádála scoradáin trádála i bhfoirm stopanna trádála nó coiléir praghsanna.

Áiritheoidh ionaid trádála go mbeidh scoradáin trádála ag feidhmiú i gcónaí le linn uaireanta trádála.

2. De mhaolú ar mhír 1, an chéad fhomhír, féadfaidh ionaid trádála a oibríonn córais trádála seachas leabhar orduithe teorann lárnach nó córas trádála bunaithe ar cheant tréimhsiúil scoradáin trádála a bhunú i bhfoirm eile seachas stopanna trádála nó coiléir praghsanna i gcás ina léireoidh siad dá n-údarás inniúil go bhfuil socruithe eile níos oiriúnaí chun trádáil a shrianadh i gcás ina mbeidh gluaiseacht shuntasach praghsanna in ionstraim airgeadais le linn tréimhse ghearr ama mar gheall ar shaintréithe agus ar imthosca a bhaineann go sonrach leis an margadh.

3. Dearfaidh ionaid trádála na scoradáin trádála ar bhonn praghas tagartha socair agus praghas tagartha dinimiciúil araon. Mar sin féin, féadfaidh ionaid trádála na scoradáin trádála sin a dhearadh ar bhonn praghas tagartha socair amháin nó ar bhonn praghas tagartha dinimiciúil amháin i gcás ina léiríonn siad dá n-údarás inniúil, i bhfianaise saintréithe agus imthosca a bhaineann go sonrach leis an margadh, go ndéanann na scoradáin trádála sin luaineacht a bhainistiú go leordhóthanach.

4. Déanfaidh ionaid trádála na scoradáin trádála a thástáil sula gcuirfear chun feidhme iad agus déanfaidh siad athmheasúnú tréimhsiúil ar leordhóthanacht na gcineálacha scoradán trádála a úsáidtear. Cuimseofar leis an athmheasúnú go háirithe cásanna inar chinn an t-ionad trádála brath ar phraghas tagartha socair nó dinimiciúil.

5. Áiritheoidh ionaid trádála go ndéanfar acmhainní TF leordhóthanacha agus acmhainní daonna leordhóthanacha a leithdháileadh chun déileáil le dearadh, cothabháil agus faireachán na scoradán trádála agus go ndéanfar faireachán leanúnach ar na scoradáin trádála sin.’;

(15) cuirtear Airteagal 19a agus Airteagal 19b seo a leanas isteach:

‘Airteagal 19a

Prionsabail maidir leis an modheolaíocht a bhunú chun scoradáin trádála a chalabhrú

(Airteagal 48(5) de Threoir 2014/65/AE)

1. Bunóidh ionaid trádála modheolaíocht chun scoradáin trádála a chalabhrú a bheidh bunaithe ar gach ceann de na heilimintí seo a leanas:

- (a) próifil leachtachta agus leibhéal luachana na hionstraime airgeadais;
- (b) próifil luaineachta na hionstraime airgeadais;
- (c) córas agus rialacha an ionaid trádála;
- (d) tagairtí inmheánacha, atá beartaithe mar phraghsanna arna gcinneadh laistigh den ionad trádála, atá ar fáil ansin chun scoradáin trádála a chalabhrú don ionstraim shonrach;
- (e) aon tagairt sheachtrach ábhartha i gcás inar gá, lena n-áirítear dálaí tras-sócmhainne agus trasmhargaidh;
- (f) an líon uaireanta a cuireadh an sásra i ngníomh ar a n-ardáin sna 3 bliana roimhe sin.

Bunóidh ionaid trádála aon nuashonrú ar an modheolaíocht a dhéanann difear do chalabhrú scoradán trádála ar shonraí staidrimh, i gcás ina mbeidh siad ar fáil, agus ar dhálaí margaidh atá ag teacht chun cinn.

2. Leagfar amach an méid seo a leanas sa mhodheolaíocht dá dtagraítear i mír 1:

- (a) gnáthmhinicíocht nuashonruithe an phraghais tagartha shocair agus dhinimiciúil;
- (b) liosta neamh-uileghabhálach de chásanna ina bhféadfaí nuashonruithe urghnácha a dhéanamh;
- (c) an nós imeachta atá le leanúint i gcás inar gá na paraiméadair a shárú de láimh chun trádáil ordúil a áirithiú.

3. Déanfaidh ionaid trádála athbhreithniú ar an modheolaíocht dá dtagraítear i mír 1 ar bhonn bliantúil ar a laghad agus tabharfaidh siad an mhodheolaíocht sin cothrom le dáta i gcás inar gá.

4. Coimeádfaidh ionaid trádála taifid ar an modheolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus ar aon athrú uirthi, agus taifid ar oibriú, ar bhainistiú agus ar uasghrádú scoradán trádála ar feadh na 5 bliana roimhe sin ar a laghad. Cuirfidh ionaid trádála na taifid sin ar fáil arna iarraidh sin don údarás inniúil. Beidh ionaid trádála in ann údar a thabhairt le rogha na dtairseach atá mar bhonn taca faoi fheidhmiú scoradán trádála.

Airteagal 19b

Faisnéis a fhoilsiú maidir le scoradán trádála agus ceanglais tuairiscithe

(Airteagal 48(5) de Threoir 2014/65/AE)

1. Foilseoidh ionaid trádála ar a suíomh gréasáin, ar bhealach soiléir agus gonta, an fhaisnéis uile seo a leanas maidir le feidhmiú agus éifeachtaí a scoradán trádála:

- (a) tuairisc ghinearálta ar fhoirm an scoradán trádála a cuireadh in úsáid, lena n-áirítear samplaí d'imthosca as ar eascair gníomhachtú an scoradán trádála lena mbaineann;
- (b) tuairisc ar na hiarmhairtí a bhaineann le scoradán trádála a ghníomhachtú, ina mínítear an mbeadh stop trádála, aistriú chuig módúlacht trádála eile nó diúltú ordaithe mar thoradh ar an ngníomhachtú;
- (c) maidir le stopanna trádála, léiriú ar an bhfad ama íosta an stop trádála, a luaithe a chuirfear stop leis an trádáil;
- (d) i gcás coiléir praghsanna, na teorainneacha lenar féidir orduithe a mheaitseáil i gcás ina bhfuil an praghas a eascraíonn astu laistigh de na teorainneacha sin;
- (e) faisnéis maidir leis an bpraghas tagartha atá mar bhonn taca faoi fheidhmiú na scoradán trádála.

2. Ionaid trádála a chuireann cineálacha éagsúla scoradán trádála i bhfeidhm, sonrúidh siad san fhaisnéis a fhoilsítear de bhun mhír 1 cé na hionstraimí nó na haicmí ionstraimí a bhfuil feidhm ag an scoradán trádála maidir leo.

3. San fhaisnéis a fhoilseofar de bhun mhír 1, léireofar go soiléir an féidir paraiméadair shonracha atá mar bhonn taca faoi fheidhmiú scoradán trádála a oiriúnú ag brath ar dhálaí an mhargaidh agus, más féidir, cé na paraiméadair is féidir a oiriúnú.

4. Gach bliain, tuairisceoidh ionaid trádála dá n-údarás inniúil faisnéis faoi na paraiméadair atá mar bhonn taca le feidhmiú scoradán trádála. Chun na críche sin, úsáidfí ionaid trádála an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn II.;

(16) scriostar Airteagal 23;

(17) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal na hIarscríbhinne:

‘Iarscríbhinn I’;

(18) Cuirtear isteach an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo mar Iarscríbhinn II.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1.10.2026

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN